**RIALACHÁN (AE) 2025/877 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12 Bealtaine 2025**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí áirithe a aicmítear mar shubstaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh a úsáid i dtáirgí cosmaideacha**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) agus Airteagal 15(2), an ceathrú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) déantar foráil maidir le haicmiú comhchuibhithe substaintí mar shubstaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR) bunaithe ar mheasúnú eolaíoch arna dhéanamh ag an gCoiste um Measúnú Riosca de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán. Déantar na substaintí a aicmiú mar shubstaintí CMR de chatagóir 1A, de chatagóir 1B nó de chatagóir 2 ag brath ar an leibhéal fianaise i dtaca lena n-airíonna CMR.

(2) Le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009, foráiltear go gcuirfear toirmeasc ar shubstaintí atá aicmithe mar shubstaintí CMR de chatagóir 1A, 1B nó 2 faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 (substaintí CMR) a úsáid i dtáirgí cosmaideacha. Féadfar substaint CMR a úsáid i dtáirgí cosmaideacha, áfach, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(1), an dara habairt, de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 nó in Airteagal 15(2), an dara fomhír, den Rialachán sin.

(3) Chun an toirmeasc ar shubstaintí CMR a chur chun feidhme go haonfhoirmeach laistigh den mhargadh inmheánach, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, go háirithe le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis inniúla náisiúnta, agus chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú, ba cheart gach substaint CMR a áireamh i liosta na substaintí a bhfuil toirmeasc orthu in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus, i gcás inarb ábhartha, é a scriosadh ó na liostaí de shubstaintí srianta nó ceadaithe in Iarscríbhinní III go VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(1), an dara habairt, de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 nó in Airteagal 15(2), an dara fomhír, den Rialachán sin, ba cheart na liostaí de shubstaintí srianta nó ceadaithe in Iarscríbhinní III go VI a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú dá réir.

(4) Cumhdaítear leis an Rialachán seo na substaintí a aicmítear mar shubstaintí CMR de réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/197 ón gCoimisiún ([3]) ('na substaintí ábhartha'). Beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/197 ón 1 Meán Fómhair 2025.

(5) Níor cuireadh isteach aon iarraidh maidir le húsáid na substaintí ábhartha i dtáirgí cosmaideacha mar eisceacht air sin.

(6) Maidir leis an tsubstaint 'ocsaíd défheinil(2,4,6-trímheitilbeansóil)foisfín' (Uimh. CAS 75980-60-8), lena ngabhann an t-ainm 'Ocsaíd Défheiniolfoisfín Trímheitilbeansóile' faoi Ainmníocht Idirnáisiúnta na gComhábhar Cosmaideach, liostaítear í in iontráil 311 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus, dá bhrí sin, ceadaítear í le haghaidh úsáid ghairmiúil i gcórais ingne saorga ag uastiúchan de 5 %.

([1]) IO L 342, 22.12.2009, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1223/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).
([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/197 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a mhéid a bhaineann le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe (IO L, 2024/197, 5.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/197/oj).

(7) I bhfianaise ‘Ocsaíd Défheiniolfoisfín Trímheitilbeansóile’ a aicmiú mar shubstaint CMR de chatagóir 1B (Tocsaineach don Atáirgeadh), níor cheart an tsubstaint sin a cheadú i dtáirgí cosmaideacha a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart iontráil 311 d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 a scriosadh agus ba cheart an tsubstaint a áireamh ar liosta na substaintí toirmiscthe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(8) Maidir leis an tsubstaint ‘2-ciana-*N*-[(eitiolaimínea)carbóinil]-2-(meiteocsaimínea)aicéataimíd’ (CAS 57966-95-7), lena ngabhann an t-ainm ISO ‘ciamocsainil’, a aicmíodh mar shubstaint atá Tocsaineach don Atáirgeadh de Chatagóir 2, liostaítear í in iontráil 1580 d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus, dá bhrí sin, tá toirmeasc ar a húsáid i dtáirgí cosmaideacha. Mar sin féin, ní áirítear in iontráil 1580 an t-ainm ceimiceach breise ‘(2E)-2-ciana-*N*-[(eitiolaimínea)carbóinil]-2-(meatocsaimínea)aicéataimíd’ ná an uimhir CAS a bhaineann leis an ainm ceimiceach sin dá dtagraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/197. Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart iontráil 1580 a oiriúnú ionas go mbeidh an t-ábhar céanna inti agus atá san iontráil chomhfhreagrach i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

(9) Ní liostaítear aon cheann de na substaintí ábhartha eile faoi láthair i Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009. Dá réir sin, ba cheart iad a chur le liosta na substaintí a bhfuil toirmeasc orthu i dtáirgí cosmaideacha in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 a leasú dá réir.

(11) Tá na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 bunaithe ar aicmithe na substaintí ábhartha mar shubstaintí CMR agus dá bhrí sin ba cheart feidhm a bheith acu ón dáta céanna a bheidh feidhm ag na haicmithe sin.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Tháirgí Cosmaideacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimhir thagartha | Céannacht na substaintí | | |
|---|---|---|---|
| | Ainm ceimiceach/INN | Uimhir CAS | Uimhir CE |
| a | b | c | d |
| ‘1731 | ocsaíd défheanól(2,4,6-trímheitilbeansóil)foisfín | 75980-60-8 | 278-355-8 |
| 1732 | 2,2’,6,6’-teitreabróma-4,4’-iseapróipilidéindéfheanól; teitreabrómaibisfeanól-A | 79-94-7 | 201-236-9 |
| 1733 | trasfhluaitrin (ISO); (1*R*,3*S*)-3-(2,2-déchlóraivinil)-2,2-démheitilcigleaprópán-carbocsaláit 2,3,5,6-teitreafluaraibeinsile | 118712-89-3 | 405-060-5 |
| 1734 | clóitiainidín (ISO); (*E*)-1-(2-clóra-1,3-tiasól-5-ilmeitil)-3-meitil-2-nítreaguainidín | 210880-92-5 | 433-460-1 |
| 1735 | beinsil(dé-eitiolaimín)défheinealfosfóiniam 4-[1,1,1,3,3,3-heicseafluara-2-(4-hiodrocsaifeinil) própáin-2-il]feanól | 577705-90-9 | 479-100-5 |
| 1736 | beinsiltrífheinealfosfóiniam, salann le 4,4’-[2,2,2-trífhluarai-1-(trífhluaraimeitil)eitilidéin] bis[feanól] (1:1) | 75768-65-9 | 278-305-5 |
| 1737 | mais imoibriúcháin de 4,4’-[2,2,2-trífhluara-1-(trífhluaraimeitil)eitilidéin]défheanól agus beinsil(dé-eitiolaimín)défheinealfosfóiniam 4-[1,1,1,3,3,3-heicseafluara-2-(4-hiodrocsaifeinil) própán-2-il]feanóláit (1:1) | — | — |
| 1738 | mais imoibriúcháin de 4,4’-[2,2,2-trífhluara-1-(trífhluaraimeitil)eitilidéin]défheanól agus beinsiltrífheinealfosfóiniam, salann le 4,4’-[2,2,2-trífhluara-1-(trífhluaraimeitil)eitilidéin] défheanól (1:1) | — | — |
| 1739 | próipiolfosfónáit démheitile | 18755-43-6 | 242-555-3 |
| 1740 | maileáit débhúitiline | 78-04-6 | 201-077-5 |
| 1741 | ocsaíd débhúitiline | 818-08-6 | 212-449-1 |
| 1742 | mais imoibriúcháin de bhútáin 1-(2,3-eapocsaprópocsa)-2,2-bis ((2,3-eapocsaprópocsa)meitil) agus bútáin 1-(2,3-eapocsaprópocsa)-2-((2,3-eapocsaprópocsa) meitil)-2-hídreacsaimeitil | — | — |
| 1743 | 4,4’-[2,2,2-trífhluarai-1-(trífhluaraimeitil)eitilidéin] bis[feanól]; bisfeanól AF | 1478-61-1 | 216-036-7 |
| 1744 | beanfluarailin (ISO); *N*- búitil-*N*-eitil-α,α,α-trífhluara-2,6-dénítrea-*p*-tolúidín | 1861-40-1 | 217-465-2 |

| Uimhir thagartha | Céannacht na substaintí | | |
|---|---|---|---|
| | Ainm ceimiceach/INN | Uimhir CAS | Uimhir CE |
| a | b | c | d |
| 1745 | *N,N*-démheitil-*p*-tolúidín | 99-97-8 | 202-805-4 |
| 1746 | 1,4-Beinséindé-aimín, *N,N'*-Ph measctha agus díorthaigh toilile. | 68953-84-4 | 273-227-8 |
| 1747 | 4-nítreasamorfóilín | 59-89-2 | — |
| 1748 | défheanaconasól (ISO); 1-({2-[2-clóra-4-(4-clóraifeanocsa)feinil]-4-meitil-1,3-dé-ocsólán-2-il}meitil)-1*H*-1,2,4-trí-asól; éitear 3-clóra-4-[(2*RS*,4*RS*;2*RS*,4*SR*)-4-meitil-2-(1*H*-1,2,4-trí-asól-1-ilmeitil)-1,3-dé-ocsólán-2-il]feinile 4-clóraifeinile | 119446-68-3 | — |
| 1749 | 4-meitilimiodasól | 822-36-6 | 212-497-3 |
| 1750 | dé-isicianáit 3,3'-démheitildéfheinil-4,4'-dé-ile | 91-97-4 | 202-112-7 |
| 1751 | foramsulfúrón (ISO); 2-{[(4,6-démheatocsaipirimidin-2-il)carbamóil] sulfamóil}-4-foramaimíde-*N,N*-démheitilbeansaimíd; 1-(4,6-démheatocsaipirimidin-2-il)-3-(2-démheitiolcarbaimil-5-foramaimídefeiniolsulfáinil)úiré | 173159-57-4 | —' |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 1580:

| Uimhir thagartha | Céannacht na substaintí | | |
|---|---|---|---|
| | Ainm ceimiceach/INN | Uimhir CAS | Uimhir CE |
| a | b | c | d |
| '1580 | (2*E*)-2-ciana-*N*-[(eitiolaimínea)carbóinil]-2-(meiteocsaimínea)aicéataimíd; [2] | 166900-80-7; [2] | 261-043-0; [1] |
| | ciamocsainil (ISO); 2-ciana-*N*-[(eitiolaimínea) carbóinil]-2-(meiteocsaimínea)aicéataimíd; [1] | 57966-95-7; [1] | - [2]' |

(2) in Iarscríbhinn III, scriostar iontráil 311.